2025/695

22.7.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/695 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Aibreán 2025

lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí leibhéil tairsí agus aicmí feidhmíochta a bhunú maidir le gairis bhuana ancaire agus crúcaí sábháilteachta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 27(1) agus (3) i gcomhar le hAirteagal 60, pointí (a) agus (f) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndáil le caighdeán comhchuibhithe EN 17235:2024 maidir le gairis bhuana ancaire agus crúcaí sábháilteachta, tá leibhéil tairsí agus córais aicmithe ann maidir le feidhmíocht na dtáirgí a chumhdaítear leis, a mhéid a bhaineann leis an tsaintréith shár-riachtanach 'frithsheasmhacht mheicniúil'.

(2) Is iomchuí na saintréithe sár-riachtanacha 'frithsheasmhacht mheicniúil – tástáil dhinimiciúil' agus 'frithsheasmhacht mheicniúil – tástáil bris-ualaigh' a chinneadh mar na saintréithe sin a bhfuil sé d'oibleagáid ar an monaróir feidhmíocht gaireas ancaire agus crúcaí sábháilteachta a dhearbhú ina leith nuair a chuirtear ar an margadh iad. Ba cheart an tsaintréith shár-riachtanach 'frithsheasmhacht mheicniúil – tástáil boinn crúca' a chur le liosta na saintréithe sár-riachtanacha a cheanglaítear ar an monaróir a dhearbhú maidir le crúcaí sábháilteachta.

(3) Chun infheidhmeacht theicniúil níos fearr chaighdeán EN 17235:2024 maidir leis na táirgí a chumhdaítear leis a áirithiú, ba cheart tairseacha maidir leis na leibhéil feidhmíochta le haghaidh na saintréithe sár-riachtanacha 'frithsheasmhacht mheicniúil – tástáil dhinimiciúil' agus 'frithsheasmhacht mheicniúil – tástáil boinn crúca' a áireamh sa chaighdeán.

(4) Ar chúiseanna sábháilteachta, is gá freisin aicmí feidhmíochta a shainiú i ndáil leis an tsaintréith shár-riachtanach 'frithsheasmhacht mheicniúil – tástáil dhinimiciúil', ionas go soláthrófar sa dearbhú feidhmíochta faisnéis mhionsonraithe maidir le hacmhainneacht an ghairis déileáil le hualaí éagsúla.

(5) Faoi Airteagal 3(3) agus Airteagal 27(2), de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht Eorpach um chaighdeánú, ar bhonn sainordú athbhreithnithe a eiseoidh an Coimisiún, aicmí agus leibhéil tairsí feidhmíochta a bhunú i ndáil le saintréithe sár-riachtanacha táirgí foirgníochta. I bhfianaise an ghá atá le haicmí agus leibhéil tairsí feidhmíochta a bhunú maidir le gairis bhuana ancaire agus crúcaí sábháilteachta a luaithe is féidir, ba cheart don Choimisiún na haicmí agus na leibhéil tairsí feidhmíochta sin a bhunú. Faoi Airteagal 27(2), an chéad fhomhír, den Rialachán sin, tá na haicmí feidhmíochta sin le húsáid i gcaighdeáin chomhchuibhithe,

([1]) IO L 88, 4.4.2011, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/305/oj.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le gairis bhuana ancaire agus crúcaí sábháilteachta a chumhdaítear leis an gCaighdeán Eorpach Táirge EN 17235:2024. Bunaítear leis na leibhéil tairsí agus aicmí feidhmíochta maidir leis na gairis agus na crúcaí sin, chomh maith le saintréithe sár-riachtanacha na dtáirgí sin a cheanglaítear ar an monaróir a shonrú sa dearbhú feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011.

Airteagal 2

Dearbhú sainordaitheach na saintréithe sár-riachtanacha

1. Dearbhóidh an monaróir sa dearbhú feidhmíochta, i gcás gairis bhuana ancaire agus crúcaí sábháilteachta, nuair a chuirfear na táirgí sin ar an margadh, na saintréithe sár-riachtanacha seo a leanas:

(a) frithsheasmhacht mheicniúil – tástáil dhinimiciúil;

(b) frithsheasmhacht mheicniúil – tástáil bris-ualaigh;

2. I gcás ina bhfuil crúca sábháilteachta i dtáirge, dearbhóidh monaróir an táirge sin freisin sa dearbhú feidhmíochta, nuair a chuirfear ar an margadh é, an tsaintréith shár-riachtanach ‘frithsheasmhacht mheicniúil – tástáil boinn crúca’.

Airteagal 3

Leibhéil tairsí

1. Maidir leis an tsaintréith shár-riachtanach dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a), beidh leibhéal luachanna dearaidh na ngníomhaíochtaí cothrom le 9,0 kN nó níos mó ná sin nuair a dhéantar tástáil air de réir EN 17235:2024, mar a shonraítear san Iarscríbhinn.

2. I gcás ina bhfuil crúca sábháilteachta i dtáirge, beidh an leibhéal tomhais don tsaintréith shár-riachtanach ‘frithsheasmhacht mheicniúil – tástáil boinn crúca’ cothrom le 5 mm nó níos lú ná sin nuair a dhéantar tástáil air de réir EN 17235:2024, mar a shonraítear san Iarscríbhinn.

Airteagal 4

Aicmí feidhmíochta

Leagtar amach san Iarscríbhinn na haicmí feidhmíochta maidir le gairis bhuana ancaire agus crúcaí sábháilteachta, a mhéid a bhaineann leis an tsaintréith shár-riachtanach dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a).

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Aibreán 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leibhéil tairsí agus aicmí feidhmíochta gaireas buan ancaire agus crúcaí sábháilteachta de réir EN 17235:2024

Tábla 1

Fearas A – Fearas ancaire a chuimsíonn gaireas ancaire amháin

Saintréith shár-riachtanach	Leibhéal tairsí	Aicmí feidhmíochta (1)	Luach dearaidh gníomhaíochtaí
Frithsheasmhacht mheicniúil – tástáil dhinimiciúil (1)	≥ 9,0 kN	1	9 kN
		2	10,5 kN

(1) Leanfaidh acrainm na samhlacha is infheidhme aicme na huimhreach feidhmíochta.

Tábla 2

Fearas B – Fearas ancaire a chuimsíonn crúca sábháilteachta

Saintréith shár-riachtanach	Leibhéal tairsí	Aicmí feidhmíochta (1)	Luach dearaidh gníomhaíochtaí
Frithsheasmhacht mheicniúil – Tástáil boinn crúca	≤ 5 mm	—	—
Frithsheasmhacht mheicniúil – tástáil dhinimiciúil (1)	≥ 9,0 kN	1	9 kN
		2	10,5 kN

(1) Leanfaidh acrainm na samhlacha is infheidhme aicme na huimhreach feidhmíochta

Tábla 3

Fearas C – Fearas ancaire a chuimsíonn téad ancaire sreinge chothrománach

Saintréith shár-riachtanach	Leibhéal tairsí	Aicmí feidhmíochta (1)	Luach dearaidh gníomhaíochtaí
Frithsheasmhacht mheicniúil – tástáil dhinimiciúil (1)	≥ 9,0 kN	1	9 kN
		2	10,5 kN
		3	12,0 kN
		4	13,5 kN

(1) Leanfaidh acrainm na samhlacha is infheidhme aicme na huimhreach feidhmíochta.

Tábla 4

Fearas D – Fearas ancaire a chuimsíonn téad ancaire ráille chothrománach

Saintréith shár-riachtanach	Leibhéal tairsí	Aicmí feidhmíochta (1)	Luach dearaidh gníomhaíochtaí
Frithsheasmhacht mheicniúil – tástáil dhinimiciúil (1)	≥ 9,0 kN	1	9 kN
		2	10,5 kN
		3	12,0 kN
		4	13,5 kN

(1) Leanfaidh acrainm na samhlacha is infheidhme aicme na huimhreach feidhmíochta.